Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6338/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0390 (APP)**

**COMPET 185**
**RECH 61**
**FIN 269**
**ENER 69**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6123/26 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16710/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach<br>– Cur chuige ginearálta |

1. An 10 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. I gcomhréir le Prótacal Uimh. 37, is clár taighde de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC), a chistítear lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le hioncam shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú a leithdháiltear ar an gciste sin. Maoiníonn CTGC go heisiach tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach.

3. Is cuid é an Cinneadh atá beartaithe de phacáiste tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil CTGC chun foráil a dhéanamh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta chun tacú le dícharbónú, aistriú glan agus iomaíochas na n-earnálacha guail agus cruach. Is é is aidhm don togra seo na bearta is gá a bhunú chun úsáid a bhaint as na sócmhainní neamh-leithdháilte atá fágtha ag CEGC faoi leachtú, chomh maith le haon chistí neamhcheangailteacha atá fágtha ó ghlaonna roimhe seo ó Chlár Taighde CTGC.

4. Phléigh an Mheitheal um Thaighde an togra ceithre huaire agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le roinnt leasuithe, go príomha i ndáil le méid an leithdháilte bhliantúil chun taighde sna hearnálacha guail agus cruach a mhaoiniú chomh maith le fad an chláir. Pléadh an togra freisin ag cruinniú de Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais, inar díríodh ar na gnéithe a bhaineann le sócmhainní an chiste a bhainistiú agus ar fhorálacha airgeadais eile. Leagtar amach an téacs a comhaontaíodh san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

5. An 18 Feabhra, bhí Coiste na mBuanionadaithe in ann an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a fhormhuiniú.

6. I gcomhréir leis an gcéad mhír d’Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, tá an Chomhairle le toiliú a iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle sula nglacfar é.

7. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 6338/26 ADD 1 ag an gcruinniú a bheidh aige an 27 Feabhra 2026.